

A chara,

Tá súil agam go bhfuil sibh go maith.

Is féidir le do leanbh teacht ar scoil amárach chun na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Aon duine atá ar an Scéim Leabhar ar Cíos na leabhair ar fad a thabhairt ar ais.
- A stuiff pearsanta a bhailiú a bhí ina loicéir acu. Tá sé tábhachtach go dtógann siad gach rud leo ó thaobh cóipleabhairí, fillteáin srl. Beidh orainn athchúrsáil a dhéanamh ar aon ní atá fágtha.

Toisc Covid 19 tá coinníollacha déine ag baint le teacht isteach sa bhfoirgneamh. Caithfidh siad áit a chur in áirithe agus caithfidh siad síniú amach nuair atá siad ag fágaint.

Tá nasc chuig Foirm Google seolta chucu ar a gcuntas ríomhphoist scoile chun a áit a chur in áirithe. Ní féidir ach le 4 teacht ag aon am amháin agus caithfear a bheith imithe sula dtagann an chéad ghrúpa eile. Gan dabht, fad is atá siad sa bhfoirgneamh caithfidh siad scaradh sóisialta a chleachtadh chomh maith.

Is féidir leo teacht isteach agus amach príomhdhoras na scoile. Is ansin a bheidh an fhoirm síniú amach dóibh.

*Your child can call to the school tomorrow to complete the following:*

- *Any student on the Book Rental Scheme is required to return all the books.*
- *Collect their personal belongings that they had in their lockers. It is important that they take all of their copies, folders etc. We will have to recycle everything that is left behind.*

*As a result of Covid 19 there are strict conditions to be adhered to. They have to reserve a place and they have to sign out when they are leaving.*

*A link to a Google Form has been sent to your child's school email account to allow them to book a slot. A maximum of 4 can be present at one time and everyone has to be gone before the next group arrives. When they are in the*

*building everyone needs to practice social distancing. They can enter and exit via the main school door. The sign out form will be beside this door.*

Go raibh maith agaibh.

Le mór bhuíochas,

Éamonn Mac Muiris